Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Feabhra 2026**
**(OR. en)**

**6172/26**

**UEM 74**
**ECOFIN 173**
**SOC 67**
**EMPL 26**
**COMPET 168**
**ENV 107**
**EDUC 40**
**RECH 55**
**ENER 55**
**JAI 178**
**GENDER 12**
**ANTIDISCRIM 13**
**JEUN 23**
**SAN 78**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Gnéithe fostaíochta agus sóisialta de Mholadh 2026 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro<br>– *Formheas* |

1. An 25 Samhain 2025, thíolaic an Coimisiún pacáiste an fhómhair don Seimeastar Eorpach 2026, lena n-áirítear Cumarsáid Achomair, an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh agus an dréacht-Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus moladh maidir le caipiteal daonna, i measc nithe eile. Fearacht na bliana roimhe sin, áiríodh sa phacáiste freisin dréachtmholadh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, agus é d’aidhm aige an limistéar euro agus gnéithe náisiúnta de rialachas eacnamaíoch an Aontais a chomhtháthú ar bhealach níos fearr.

2. Chomhoibrigh cathaoirligh na gCoistí (an Coiste Fostaíochta, an Coiste um Chosaint Shóisialta, agus an Coiste um Beartas Eacnamaíoch i bhformáid an limistéir euro) le chéile ar ionchur comhordaithe.

3. Tá gnéithe fostaíochta agus sóisialta an Mholta maidir leis an limistéar euro le fáil i **moladh 5 agus in aithrisí 9 agus 10.**

4. Ag an gcruinniú a bhí aige an 9 Nollaig 2025, phléigh an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta an Moladh. Chomhaontaigh siad roinnt modhnuithe a dhéanamh ar théacs an Choimisiúin agus chomhaontaigh an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais agus an Mheitheal um an gComhshaol leis an méid sin ina dhiaidh sin.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) an dréachtmholadh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO) ag an seisiún a bheidh aici an 9 Márta 2026 lena fhormheas.

6. Ba cheart an téacs a ghlacadh go foirmiúil tar éis don Chomhairle Eorpach é a fhormhuiniú i mí an Mhárta 2026.

Léirítear na hathruithe san Iarscríbhinn i gcomparáid leis an Moladh ón gCoimisiún (a leagtar amach in 16145/25) a mhéid a bhaineann le sainchúram *filière* EPSCO le **cló trom** agus léirítear téacs a scriosadh le **[…]**.

Comhfhreagraíonn an téacs san Iarscríbhinn, a ghabhann leis an nóta seo, do na modhnuithe a d’fhormheas Comhairle ECOFIN an 17 Feabhra 2026[1].

---

[1] 5732/26. D’fhormheas Comhairle ECOFIN freisin nóta míniúcháin maidir leis an tsaincheist (5991/1/26 REV 1).

## Dréacht-MHOLADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 136, i gcomhar le hAirteagal 121(2) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle[2], agus go háirithe Airteagal 3(3)(a) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú[3], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

---

2 IO L 1263, 30.4.2024, lch. 1.
3 IO L 306, 23.11.2011, lch. 25.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is cuid dhílis de thimthriall bliantúil an chomhordaithe mhaicreacnamaíoch é an Moladh ón gComhairle maidir le Beartas Eacnamaíoch an limistéir euro. Cuireann sé treoir ar fáil do Bhallstáit an limistéir euro, treoir atá curtha in oiriúint do na dúshláin shonracha atá roimh an Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta.

(2) Is uirlis é an Moladh a chuidíonn le clár oibre beartais an Ghrúpa Euro a shainiú agus le plé beartais maidir le saincheisteanna leasa choitinn a chur chun cinn, agus cuidíonn sin le comhleanúnachas agus cóineasú bheartais an Aontais agus beartas náisiúnta a chothú. Trí chomhthuiscint a sholáthar maidir leis na príomhthosaíochtaí beartais, rannchuidíonn sé le comhordú beartais níos éifeachtaí, neartaíonn sé athléimneacht agus feabhsaíonn sé cumas an limistéir euro freagairt ar shuaití seachtracha agus, ag an am céanna, deiseanna a thapú le haghaidh fás inbhuanaithe cuimsitheach, cobhsaíocht a chosaint agus cuidiú leis an aistriú i dtreo geilleagar dícharbónaithe digiteach.

(3) Tá timpeallacht dhomhanda níos éiginnte os comhair an limistéir euro ná mar a bhí tráth ar bith le 10 mbliana anuas. Tá patrúin trádála agus airgeadais á n-athmhúnlú mar gheall ar theannas geopholaitiúil, go háirithe cogadh foghach leanúnach na Rúise ar an Úcráin, a dhéanann difear do réigiúin ar theorainn thoir an Aontais, agus de dheasca teacht chun cinn oird dhomhanda ilpholaigh níos ilroinnte. Fágadh na margaí míshocair mar gheall ar na cineálacha cur chuige aontaobhacha a ghlac ár gcomhpháirtithe móra, go háirithe i gcás na trádála, agus ardaíodh ceisteanna faoi iontaofacht na gcreataí idirnáisiúnta seanbhunaithe. Ar thaobh amháin, is suaití seachtracha iad sin a chuireann isteach ar shlabhraí soláthair domhanda, agus a chruthaíonn luaineacht sa trádáil, sna sreafaí caipitil agus sna margaí fuinnimh. Ar an taobh eile, leagann siad béim ar a thábhachtaí atá an tslándáil eacnamaíoch agus an uathriail straitéiseach oscailte mar phríomh-chomhpháirteanna den athléimneacht eacnamaíoch agus ar a phráinní atá sé infheistíocht a dhéanamh in acmhainneachtaí criticiúla agus sa chiorclaíocht. Sa chomhthéacs sin, leis an gCompás Iomaíochais[4] - tionscnamh straitéiseach ón gCoimisiún Eorpach - cuirtear creat luachmhar ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar dhúshláin agus ar dheiseanna araon. Trí bhíthin trí réimse tosaíochta a shainaithint - an bhearna nuálaíochta a dhúnadh, an geilleagar a dhícharbónú, agus spleáchais straitéiseacha a laghdú - léirítear ann na réimsí nach mór don Aontas agus don limistéar euro iarrachtaí a dhíriú orthu chun rathúnas a dhaingniú i ndomhan atá ag athrú go tapa. Chun deiseanna atá ag teacht chun cinn a thapú, tá sé ríthábhachtach beartais réamhbhreathnaitheacha a cheapadh, comhordú níos dlúithe a dhéanamh idir na Ballstáit agus díriú an athuair ar an nuálaíocht ríthábhachtach. Trí aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí struchtúracha, agus tríd an Margadh Aonair a dhoimhniú, agus ag an am céanna slándáil na hEorpa agus uathriail straitéiseach oscailte na hEorpa a neartú, is féidir leis an Aontas agus leis an limistéar euro brúnna seachtracha a iompú ina spreagadh don athléimneacht fhadtéarmach agus don tionchar domhanda. Thairis sin, tá sé ríthábhachtach infheistíocht phríobháideach agus phoiblí a shlógadh chun borradh a chur faoin bhfás táirgiúlachta agus chun spriocanna an Aontais a bhaint amach.

---

4 COM(2025) 30 final.

(4) Tá ag éirí le geilleagar an limistéir euro a bheith athléimneach fós. Bhí an fás eacnamaíoch in 2025 níos mó ná mar a rabhthas ag súil leis. Ba é an borradh faoi onnmhairí roimh mhéaduithe taraifí lena raibh coinne ba chúis leis an méadú ar an bhfeidhmíocht sin nach raibh coinne leis, ach d'fheidhmigh infheistíocht i dtrealamh agus i sócmhainní doláimhsithe níos láidre ná mar a raibh coinne leis freisin. Tá méadú ar shrianta trádála agus ar an teannas domhanda agus beidh brú ar leith dá dheasca sin ar gheilleagar an limistéir Euro cionn is go bhfuil sé ar cheann de na mórgheilleagair is oscailte ar domhan. Dá thoradh sin, is é an t-éileamh intíre a bheidh ina phríomhspreagadh le haghaidh an fháis, agus meastar nach n-athróidh sin, agus mar bhonn taca aige beidh margadh saothair láidir, feabhas ar fhíorioncaim agus dálaí maoiniúcháin a bheidh, den chuid is mó, fabhrach. In 2026, is dócha go leanfaidh an ghníomhaíocht eacnamaíoch de bheith srianta de dheasca éileamh seachtrach níos moille arna eascairt as srianta trádála agus as an éiginnteacht dhomhanda a bheidh ann fós. Ar an iomlán, de réir Réamhaisnéis an Fhómhair ón gCoimisiún, meastar go dtiocfaidh méadú 1.2 % ar an bhfíor-OTI sa limistéar euro in 2026. Tá an t-ionchas fáis fós faoi réir éiginnteacht ard, agus rioscaí neamhfhabhracha i réim.

(5) Tá an boilsciú sa limistéar euro ag maolú i gcónaí. Ó bhí earrach 2025 ann, tá an boilsciú ag luainiú thart ar leibhéil atá comhsheasmhach a bheag nó a mhór leis an gcobhsaíocht praghsanna. Bhí boilsciú ceannlíne (ICPT) ag 1.9 % i mí na Nollag 2025, agus tá an croí-bhoilsciú (seachas bia agus fuinneamh) fós níos airde ag 2.3 %. Meastar go bhfanfaidh brúnna bunúsacha praghsanna faoi réir an mhéadaithe a bhí ann le déanaí ar an euro, rud is cúis le géarú ar an iomaíocht allmhairiúcháin agus maolú ar an bhfás pá. Cé go bhfuil boilsciú ard fós ann i roinnt Ballstát, bhí boilsciú sa limistéir euro, agus ionchas an bhoilscithe sin, gar le déanaí do shainmhíniú an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) ar an gcobhsaíocht praghsanna. Sa chomhthéacs sin, chuir BCE stop leis an timthriall éascaithe ar cuireadh tús leis i mí an Mheithimh 2024. Idir mí an Mheithimh 2024 agus 2025, laghdaíodh an ráta saoráide taisce 200 bonnphointe san iomlán, rud a fhágann go bhfuil sé laghdaithe go 2 %. Dá thoradh sin, tá rátaí beartais sa limistéar euro gar d'fhormhór na meastachán ar an ráta nádúrtha faoi láthair. Ag féachaint chun cinn, measann an Coimisiún go mbeidh an boilsciú ceannlíne ag 2.1 % in 2025 agus 1.9 % in 2026. Tá na rioscaí d'ionchas an bhoilscithe cothrom den chuid is mó, agus tá formhór na mbeart maidir le hionchais i leith an bhoilscithe níos fadtéarmaí fós ag thart ar 2 %, rud a thacaíonn le cobhsú an bhoilscithe thart ar an sprioc. Léiríonn sin go raibh beartas BCE inchreidte, rud a dhaingníonn na hionchais atá ann agus a threoraíonn boilsciú ar ais i dtreo cobhsaíocht praghsanna.

(6) Le blianta beaga anuas, rinneadh feabhsuithe ábhartha ar staid fhioscach an limistéir euro ina iomláine: ó 2020 go 2024, thit an meáneasnamh ó 7.0 % de OTI go 3.1 % de OTI, agus tháinig laghdú 10.1 pointe céatadáin ar an gcóimheas idir fiachas agus OTI go 88.1 % de OTI in 2024. Ag féachaint chun cinn, léirítear san ionchas fioscach meath beag, agus meastar go n-ardóidh an t-easnamh go 3.2 % de OTI in 2025 agus 3.3 % de OTI in 2026, mar gheall ar chaiteachas cosanta atá ag dul i méid, mar aon le fás leanúnach ar chaiteachas úis agus roinnt easnaimh ioncaim. Réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú ar an gcóimheas fiachais go 88.8 % de OTI in 2025 agus 89.8 % de OTI in 2026, rud a léiríonn difreálach idir an ráta fáis agus an ráta úis nach bhfuil chomh fabhrach céanna, agus easnaimh phríomhúla leanúnacha. Meastar go bhfanfaidh an staid fhioscach neodrach den chuid is mó le linn na tréimhse réamhaisnéise san Aontas agus sa limistéar euro araon, cé go mbeidh éagsúlacht mhór ann idir na Ballstáit. Múnlaítear an staid fhioscach leis na conairí fioscacha a mhol an Chomhairle i gcomhréir le creat rialachais eacnamaíoch an Aontais, le tionchar na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) agus Cistí eile de chuid an Aontais agus, i gcás inarb infheidhme, leis an tsolúbthacht shealadach a cheadaítear faoin gclásal éalaithe náisiúnta chun an t-aistriú chuig caiteachas cosanta níos airde a éascú.

(7) Tá athstruchtúrú thimpeallacht slándála na hEorpa ag spreagadh aistriú i dtreo caiteachas cosanta agus slándála atá méadaithe go mór ar fud an Aontais. Thacaigh an Chomhairle leis an iarracht sin trí na clásail éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú ó 2025 go 2028, faoi chreat fioscach an Aontais, do na [13] Bhallstát atá sa limistéar euro go dtí seo a rinne iarratas faoi mhí na Nollag 2025. D'fhoilsigh an Coimisiún agus an tArdionadaí Páipéar Bán maidir le hUllmhacht Cosanta na hEorpa 2030[5], in éineacht leis an bplean ReArm Europe, lena gcuirtear luamháin airgeadais ar fáil do na Ballstáit chun cumais agus bonneagar cosanta a neartú, lena n-áirítear an Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE)[6], trína gcuirfidh an tAontas suas le EUR 150 billiún d'iasachtaí ar fáil do na Ballstáit chun tacú le hinfheistíochtaí cosanta. D'fhreastail an ionstraim nua sin ar éileamh láidir ó na Ballstáit; tá sé curtha in iúl acu gur spéis leo a bheith rannpháirteach. Tá an caiteachas cosanta fós míchothrom idir tíortha agus uaireanta is mó ar fad na costais phearsanra; tá tionscal cosanta na hEorpa ilroinnte. Ó thaobh an éilimh de, cuireann an spleáchas ar chórais nach de chuid na hEorpa iad agus ar thimthriallta forbartha fada teorainn leis an éifeachtúlacht agus leis an gcumas an táirgeadh a mhéadú go tapa. Chun borradh a chur faoi tháirgeadh na hEorpa, cur leis an gcomhar idir na Ballstáit agus sciar na n-earraí míleata a dheartar agus a mhonaraítear san Eoraip a mhéadú, beidh gá le haghaidh a thabhairt ar na srianta atá ann cheana agus an margadh um threalamh cosanta a chomhtháthú a thuilleadh. Is féidir leis sin spreagadh maicreacnamaíoch gearrthéarmach agus meántéarmach a chruthú, ar choinníoll go ndéanfadh an soláthar acmhainneachtaí tionsclaíocha na hEorpa a ghiaráil, agus go gcruthódh a acmhainneacht mhór nuálaíochta deis le haghaidh iarmhairtí fadtéarmacha táirgiúlachta, go háirithe dá n-eagrófaí ar bhealach comhpháirteach é.

---

5 Páipéar Bán maidir le Cosaint na hEorpa – Ullmhacht 2030.

6 COM(2025) 122 final.

(8) Tá an staid fhioscach fhoriomlán sa limistéar euro fós faoi bhrú, agus easnaimh rialtais agus leibhéil fiachais fós os cionn na gcóimheas a bhí ann roimh an bpaindéim i roinnt Ballstát agus ní mheastar go dtiocfaidh laghdú orthu sna blianta beaga amach romhainn. Agus urraim á tabhairt do na conairí fioscacha a mhol an Chomhairle chun inbhuanaitheacht fiachais a chaomhnú, ní mór spás a bheith ann do bhrúnna caiteachais a eascraíonn as an ngá le cumais chosanta a fheabhsú, iomaíochas a neartú, lena n-áirítear trí thacú leis an nuálaíocht, agus infheistíocht i dtosaíochtaí straitéiseacha a fheabhsú, lena n-áirítear in acmhainneachtaí criticiúla agus i mbonneagar criticiúil, chomh maith leis na costais bhuiséadacha atá gaolmhar le himeachtaí atá ag éirí níos minice a bhaineann leis an athrú aeráide agus le díghrádú comhshaoil, nach bhfuil a gcaillteanais árachaithe go príobháideach ach ar bhonn teoranta i roinnt mhaith tíortha. Leis na riachtanais chaiteachais sin atá suntasach agus in iomaíocht le chéile, beidh gá le hathbheartú tosaíochta de réir a chéile a dhéanamh ar chaiteachas poiblí, bearta a dhéanamh chun an t-ardú ar chostais an aosaithe a shrianadh, feabhas a chur ar cháilíocht na gclár caiteachais agus féachaint an bhféadfaí ioncam breise a shlógadh. Tá sé tábhachtach i gcónaí bearnaí cánach a laghdú trí chomhlíonadh cánach a fheabhsú, lena n-áirítear úsáid a bhaint as an digitiú, trí dhul i ngleic le seachaint agus imghabháil cánach agus trí phleanáil ionsaitheach cánach a chomhrac chun córais chánach chothroma agus éifeachtúla a áirithiú. Dá leathnófaí an bonn cánach agus dá n-aistreofaí i dtreo cánacha nach mbeadh chomh díobhálach céanna don fhás, agus ag an am céanna dá méadófaí dreasachtaí chun oibriú agus straitéisí cánach a ailíniú le cuspóirí beartais níos leithne, thacófaí le hairgeadas poiblí fónta agus le fás inbhuanaithe. D’fhéadfadh go n-éireodh an caiteachas i bhfad níos éifeachtúla agus a bheith dírithe ar thosaíochtaí beartais trí úsáid chríochnúil a bhaint as athbhreithnithe caiteachais, anailís costais agus tairbhe agus uirlisí buiséadaithe feidhmíochta. Go háirithe, dá mbainfí úsáid níos mó as árachas príobháideach ar chaillteanais a bhaineann leis an aeráid, d’fhéadfaí spás fioscach breise a chur ar fáil. In 2025, leagadh béim freisin sna rialacha maidir leis an athbhreithniú meántéarma ar Bheartas Comhtháthaithe an Aontais ar roinnt réimsí (cosaint agus slándáil, iomaíochas agus dícharbónú, an t-aistriú fuinnimh, tithíocht inacmhainne, bearta a bhaineann le huisce agus dúshláin atá roimh réigiúin ar an teorainn thoir) mar thosaíochtaí straitéiseacha an Aontais. Dá ndéanfaí cláir oibríochtúla a athchlárú agus na hacmhainní atá ar fáil a shlógadh, d’fhéadfaí infheistíochtaí breise a dhéanamh sna réimsí sin. Ar deireadh, trí fheabhas a chur ar éifeachtúlacht na hinfheistíochta poiblí trí phleanáil fhónta mheántéarmach agus fhadtéarmach, trí chomhordú éifeachtach ar fud réimsí beartais agus leibhéil rialtais, trí dhianmheastóireacht ar thionscadail agus trí shineirgí le maoiniú príobháideach, d’fhéadfaí cur go mór leis an táirgiúlacht agus leis an inbhuanaitheacht fhioscach.

(9) Tá margadh saothair an limistéir euro fós láidir in ainneoin ganntanas lucht saothair, rud atá ag maolú ach atá suntasach i gcónaí. Tá an dífhostaíocht **ar** leibhéil níos ísle ná riamh, agus í ag **6.4** % i lár 2025. Tá moill tagtha ar an bhfás fostaíochta, **ach** leanann an méadú atá ag teacht ar rannpháirtíocht sa mhargadh saothair agus **[…]** an imirce **ó lasmuigh den Aontas** de thacaíocht a thabhairt don fhás sin. I roinnt Ballstát, is í an glan-imirce is mó atá ag cur le fás fostaíochta ó bhí 2021 ann. Chuidigh imirce dhleathach bhainistithe le ganntanais lucht saothair i dtionscail shonracha a mhaolú agus le dúshláin dhéimeagrafacha a fhritháireamh. Ag an am céanna, tá difríochtaí móra fós ann idir grúpaí daonra. Léiríonn an t-ionchas do 2026 maolú leanúnach ar an bhfás fostaíochta agus dífhostaíocht íseal leanúnach, ach tá éagothromaíochtaí leanúnacha ann ar fud na mBallstát agus na réigiún. D'fhéadfadh srianta trádála méadaithe agus éiginnteacht atá fós ann cur isteach ar an bhfás agus, dá bhrí sin, ar an bhfostaíocht trí tharaifí níos airde ar onnmhairí agus trí éiginnteacht dhomhanda mhéadaithe araon. Tá an fás ar phá ainmniúil ag maolú tar éis tréimhse fáis thapa. Ba é 3.9 % an fás bliantúil ar chúiteamh in aghaidh an fhostaí sa limistéar euro sa chéad leath de 2025, ar laghdú é sin ó 4.5 % ar an meán in 2024. I bhfianaise an bhoilscithe atá ag titim, tháinig méadú 1.7 % ar an bhfíorphá sa chéad leath de 2025 agus, faoi lár 2025, bhí cumhacht cheannaigh an phá téarnaithe go leibhéil 2019 sa limistéar euro ina iomláine. Ag féachaint chun cinn, meastar go maolóidh an fás pá caibidlithe de réir a chéile.

(10) Tá ganntanais saothair agus scileanna mar aon le brúnna déimeagrafacha fós ina ndúshláin thábhachtacha do go leor earnálacha Eorpacha agus don gheilleagar ina iomláine. Is leis an aistriú leanúnach i dtreo geilleagar digiteach (i gcomhréir leis an gClár Beartais don Deacáid Dhigiteach[7]) agus dícharbónaithe a mhúnlaítear dinimic mhargadh an tsaothair freisin. Leis sin cruthaítear deiseanna nua **agus athraítear riachtanais mhargadh an tsaothair i ndáil le cineálacha áirithe scileanna agus post.** Chun oibrithe a ullmhú don aistriú sin, ní mór iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh maidir le huas-sciliú agus athsciliú, agus tacaíocht a fháil ó ailíniú níos dlúithe idir beartais mhargadh an tsaothair, soláthar oideachais agus oiliúna, agus na scileanna a bhfuil éileamh orthu. Chomh maith leis sin, trí fheabhas a chur ar shealbhú bunscileanna ag aois óg, cuidítear leis an dúshraith a leagan síos d'fhorbairt scileanna. Má thugtar aghaidh ar éagothromaíochtaí móra réigiúnacha i gcás scileanna agus maoiniú caipitil dhaonna, rachaidh sin chun tairbhe d'oibrithe agus neartófar an margadh aonair. Tá sé ríthábhachtach freisin béim níos láidre a leagan ar oideachas agus oiliúint ETIM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic) - réimsí ina bhfuil ganntanais, **agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar steiréitíopaí inscne** - chun iomaíochas, ullmhacht agus ceannaireacht theicneolaíoch a chothú. Dá neartófaí dreasachtaí oibre tríd an ualach cánach a aistriú ón saothar, lena n-áirítear aistriú trí athchóirithe spriocdhírithe ar chórais chánach agus sochair, chomh maith le feabhas a chur ar dhálaí oibre in earnálacha áirithe, thacófaí le rannpháirtíocht sa **mhargadh saothair** agus le fostaíocht. Dá n-éascófaí imeascadh na ngrúpaí atá faoi ghannionadaíocht i **margadh an tsaothair** (lena n-áirítear mná, oibrithe óga agus oibrithe scothaosta, **oibrithe ar bheagán oiliúna**, **imircigh**, Romaigh agus **daoine** faoi mhíchumas) a bhraitheann ar an gcomhthéacs tírshonrach, neartófaí soláthar agus cuimsitheacht an lucht saothair a thuilleadh. Tá sé ríthábhachtach do rathúnas marthanach an Aontais go mbeadh daoine óga rannpháirteach agus rathúil sa lucht saothair. Ag an am céanna, tá sé ríthábhachtach chun comhtháthú sóisialta a bhaint amach an bhochtaineacht a laghdú, **i measc leanaí freisin**, agus tacú le teaghlaigh leochaileacha trí chórais leordhóthanacha agus inbhuanaithe cosanta sóisialta agus cuimsithe shóisialta, lena n-áirítear feabhas a chur ar rochtain ar sheirbhísí

---

7 Leis an gClár Beartais don Deacáid Dhigiteach, soláthraítear creat rialachais comhroinnte atá ceangailteach ó thaobh dlí de chun claochlú digiteach an Aontais a stiúradh i dtreo 2030. Sainítear ann spriocanna agus cuspóirí coiteanna an Aontais a aithnítear mar chumasóir bunriachtanach d'iomaíochas, d'athléimneacht agus do cheannasacht theicneolaíoch na hEorpa.

cúraim agus feabhas a chur ar thithíocht inacmhainne inrochtana, chomh maith le tacú le haistrithe i margadh an tsaothair. Ní mór fós poist ardcháilíochta a chruthú agus a aistriú, chomh maith le rannpháirtíocht éifeachtach na gcomhpháirtithe sóisialta i gceapadh beartas a áirithiú agus an t-idirphlé sóisialta a neartú, chun iomaíochas agus athléimneacht an limistéir euro i leith athrú struchtúrach a chothú. Cuideoidh tionscnaimh faoi Aontas na Scileanna[8] **agus** an Treochlár um Poist ar Ardchaighdeán leis na hiarrachtaí sin a spreagadh.[9]

8 COM(2025) 90 final.
9 COM(2025) 959 final.

(11) Tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar laigí struchtúracha chun fás eacnamaíoch níos láidre agus níos inbhuanaithe a chur ar fáil san Aontas agus sa limistéar euro, chomh maith leis an iomaíochas agus leis an athléimneacht fhoriomlán a fheabhsú. Tá bac ar acmhainneacht fáis an Aontais mar gheall ar ghnóthachain táirgiúlachta a bheith teoranta den chuid is mó do mhonarú meánteicneolaíochta agus do sheirbhísí ar bheagán oiliúna, ach tá forbairt níos suntasaí le feiceáil sna Stáit Aontaithe in earnálacha nuálacha ardoilte amhail seirbhísí TF. Chun acmhainneacht nuálaíochta agus iomaíochta na hEorpa a neartú ar fud an domhain, ní mór leas a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil i réigiúin uile an Aontais agus a bhonn láidir taighde a iompú ina dteicneolaíochtaí agus táirgí indíolta. Chuige sin, ní mór infheistíocht níos mó a dhéanamh i dTaighde agus Forbairt (T&F) agus in eolas, naisc idir an taighde agus an tionscal a neartú, éiceachórais nuálaíochta a dhoimhniú, straitéis réamhbhreathnaitheach ón Aontas a cheapadh chun tallann a mhealladh agus a áirithiú go bhfásfaidh an tionscal bunaithe ar gheilleagar ciorclach dea-fhorbartha. Chuige sin, cuireann córas na bpaitinní aonadacha príomhionstraim ar fáil chun an nuálaíocht a neartú. I gcomhthráth leis sin, faoin gclár InvestEU,[10] déantar méideanna móra infheistíochta poiblí agus príobháidí a shlógadh, lena n-áirítear infheistíocht i bhforbairt agus i gcur in úsáid nuálaíochtaí, agus leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP),[11] cuirtear bealach tábhachtach ar fáil chun acmhainní a dhíriú i dtreo teicneolaíochtaí straitéiseacha. D’ainneoin na bhfeabhsuithe a rinneadh le déanaí, tá éiceachóras caipitil fiontair an Aontais fós ilroinnte agus tearc-chaipitlithe, go háirithe a mhéid a bhaineann le hinfheistíochtaí i gcuideachtaí atá i mbun fáis. Tá sé tábhachtach freisin caipiteal riosca fadtéarmach príobháideach a fhorbairt, lena n-áirítear trí dhul chun cinn a dhéanamh i dtreo Aontas Coigiltis agus Infheistíochta agus tacaíocht mharthanach a thabhairt trí bheartais phoiblí, chun nuálaíocht a mhéadú agus chun tacú le T&F ar an leibhéal Eorpach. Chuige sin, tá gá freisin le bearta chun rochtain FBManna ar líonraí caipitil agus nuálaíochta a éascú, ós rud é gur sciar suntasach de struchtúr táirgiúil an limistéir euro iad. Tá bac freisin ar fhás agus ar iomaíochas an Aontais mar gheall ar chostais fuinnimh atá níos airde ó thaobh struchtúir de. Is é is aidhm don Phlean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne praghsanna fuinnimh a ísliú agus an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú a thuilleadh. Chuige sin, tá an méid seo a leanas ríthábhachtach: comhlánú an Aontais Fuinnimh, an leictriúchán, an éifeachtúlacht fuinnimh, cur in úsáid luathaithe fuinnimh in-athnuaite ghlain, acmhainneacht eangaí mhéadaithe, lena n-áirítear idirnascairí trasteorann, agus úsáid éifeachtúil na gcinn atá ann cheana, bonneagar eangaí cliste agus solúbthacht níos fearr sa chóras fuinnimh.

10 IO L 107 26.3.2021, lch. 30.
11 IO L, 2024/795, 29.2.2024.

(12) Tá margaí dea-fheidhmiúla earraí, saothair agus airgeadais ríthábhachtach don infheistíocht, don athléimneacht agus don táirgiúlacht. Chun acmhainní a shlógadh d'earnálacha a léiríonn ard-acmhainneacht fáis táirgiúlachta, is gá deireadh a chur le scrogaill ar chaipiteal agus ar ath-leithdháileadh saothair, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis a éascú. D'ainneoin an mhéid mhóir a chuireann an Margadh Aonair le leas agus cóineasú an Aontais, tá an Margadh Aonair fós neamhiomlán – go háirithe maidir le seirbhísí, cúrsaí digiteacha agus fuinneamh – mar gheall ar bhacainní inmheánacha, éagothromaíochtaí rialála, nósanna imeachta casta agus bearnaí trasuite. I mí na Bealtaine 2025, sheol an Coimisiún Straitéis nua maidir leis an Margadh Aonair[12], atá le treisiú le Treochlár maidir leis an Margadh Aonair go dtí 2028 atá ar na bacáin, chun bacainní a laghdú, bacainní nua a chosc, agus an Margadh Aonair a ailíniú le cuspóirí straitéiseacha an Aontais. Lasmuigh den Mhargadh Aonair, trí thimpeallachtaí tacúla gnó a chothú agus béim á leagan ar shimpliú, ar ualaí riaracháin a laghdú agus ar rialachas na mbeartas táirgiúlachta a neartú trí Bhoird Náisiúnta Táirgiúlachta níos láidre, d'fhéadfaí cuidiú le táirgiúlacht a mhéadú ar fud na mBallstát. Ina theannta sin, i gcomhthéacs reatha na hilroinnte geo-eacnamaíche, dá gcothófaí caidreamh láidir trádála agus airgeadais le comhpháirtithe atá ar aon intinn linn, d'fhéadfaí fás agus infheistíochtaí inbhuanaithe a spreagadh freisin. Athchóirithe struchtúracha a chur chun feidhme, lena n-áirítear na cinn a liostaítear sna pleananna fioscacha struchtúracha meántéarmacha agus na cinn a dtacaítear leo le cistí ón Aontas, ar nós na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta agus Cistí eile de chuid an Aontais, cuidíonn na hathchóirithe sin le borradh a chur faoi iomaíochas na mBallstát trí dheireadh a chur le bacainní infheistíochta, tríd an timpeallacht ghnó a fheabhsú agus trí chobhsaíocht eacnamaíoch a fheabhsú.

[12] COM(2025) 500 final.

(13) Gineann an tAontas coigilteas mór lena maoinítear infheistíochtaí agus a chuid tosaíochtaí straitéiseacha. Is glansoláthróir caipitil é an limistéar euro don chuid eile den domhan, mar thoradh ar bharrachas suntasach leanúnach ina chuntas reatha, d'ainneoin go bhfuil riachtanais infheistíochta sa bhaile – lena n-áirítear T&F, fuinneamh glan, oiriúnú don athrú aeráide, bonneagar digiteach, an chosaint agus an spás – fós substaintiúil. Is é is aidhm don Aontas Coigiltis agus Infheistíochta[13] feabhas a chur ar shreabhadh an choigiltis intíre isteach san infheistíocht intíre chomh maith leis an rochtain atá ag cuideachtaí Eorpacha ar mhaoiniú a fheabhsú, i gcomhréir leis na cuspóirí a bhaineann le Margadh Aonair domhain dea-fheidhmiúil. Tá sé d'aidhm aige freisin níos mó deiseanna a thabhairt do shaoránaigh cur lena rachmas trí infheistíocht a dhéanamh i margaí caipitil agus, ar an gcaoi sin, coigilteas a shlógadh. Is éard atá i gceist leis sin rannpháirtíocht agus litearthacht airgeadais na n-infheisteoirí miondíola a neartú, comhthiomsú mór sócmhainní infheisteoirí institiúideacha an Aontais a shlógadh, agus roghanna maoiniúcháin a leathnú lasmuigh den earnáil baincéireachta do gach gnólacht – lena n-áirítear chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis. Iarrtar ann freisin go rachfaí i ngleic le hilroinnt sna margaí caipitil, go gcumasófaí barainneachtaí scála trasteorann agus go dtabharfaí aghaidh ar an ualach riaracháin trí mhaoirseacht níos éifeachtúla agus níos comhchuibhithe sa Mhargadh Aonair agus laghdú ar ró-rialáil náisiúnta. Tá an clár oibre sin bunaithe ar dhul chun cinn marthanach i ndáil le hAontas na Margaí Caipitil agus leis an Aontas Baincéireachta araon. Trí mhargaí caipitil a dhoimhniú, d'fhéadfadh infheisteoirí miondíola agus institiúideacha, lena n-áirítear scéimeanna pinsin ceirde agus pinsin phearsanta, rochtain a fháil ar dheiseanna infheistíochta níos éagsúla chun cur le rachmas na saoránach agus cistí a dhíriú ar ghnólachtaí agus bonneagar na hEorpa. I gcomhthráth leis sin, thacófaí le hidirghabháil airgeadais níos comhtháite, níos cobhsaí agus níos éifeachtúla ar fud na mBallstát tríd an Aontas Baincéireachta a chomhlánú, trí thuilleadh dul chun cinn a dhéanamh maidir le gach gné de atá fós gan réiteach i gcomhréir le Ráiteas an Ghrúpa Euro i mí an Mheithimh 2022 agus trí earnálacha baincéireachta iomaíocha dea-fheidhmiúla a chur chun cinn, rud a laghdódh ilroinnt agus a neartódh athléimneacht an chórais airgeadais. Ina theannta sin, is féidir le tionscnaimh na mBallstát, lena n-áirítear an tSaotharlann Eorpach um Iomaíochas, cabhrú le dul chun cinn níos mó agus níos tapúla a dhéanamh i dtaca leis an Aontas Coigiltis agus Infheistíochta a bhaint amach. I dteannta a chéile, chuirfeadh na hathchóirithe sin ar chumas an limistéir euro agus an Aontais ina iomláine a choigilteas mór a dhíriú ar infheistíochtaí tairbhiúla ar bhonn intíre, rud a thiontódh an coigilteas sin ina spreagadh don iomaíochas, don nuálaíocht agus don tslándáil.

---

13 COM(2025) 124 final.

(14) Tá ról láidir ag an euro mar airgeadra réigiúnach, a úsáidtear go forleathan i ngeilleagair chomharsanachta chun sonrascadh a dhéanamh agus mar airgeadra cúltaca, agus ar an gcaoi sin feidhmíonn sé mar ancaire maicreacnamaíoch do chobhsaíocht mhór-réigiún na hEorpa. Baineann onnmhaireoirí agus allmhaireoirí Eorpacha úsáid fhorleathan as freisin ina n-idirbhearta leis an gcuid eile den domhan. An tráth céanna, tá athrú mór ag teacht ar an gcóras idirnáisiúnta airgeadaíochta agus airgeadais, athrú ina bhfuil suaití geopholaitiúla, ilpholaraíocht atá ag dul i méid, agus nuálaíocht mhear theicneolaíoch. Tá idirspleáchais eacnamaíocha agus airgeadais á n- úsáid mar uirlis troda, nó tá bagairtí ann go ndéanfaí sin, is soiléire anois, dá dheasca sin, na leochaileachtaí in uathriail straitéiseach airgeadais an Aontais agus an limistéir euro. Dá mbainfí úsáid níos leithne as an euro ar an leibhéal idirnáisiúnta, thacófaí le huathriail straitéiseach an Aontais, laghdófaí costais mhaoiniúcháin, agus laghdófaí neamhchosaintí gnólachtaí ar an ráta malairte, cé go bhféadfadh go mbeadh freagrachtaí nua maidir le cobhsaíocht mhacra-airgeadais idirnáisiúnta a choinneáil ar bun. Sa chomhthéacs sin, dá bhforbrófaí agus dá nglacfaí an euro digiteach, agus dá ndéanfaí lena chois sin iarrachtaí chun idir-inoibritheacht agus glacadh na réiteach íocaíochta príobháidí intíre agus réigiúnach a fheabhsú agus féachaint an bhféadfaí cripteamhonaí cobhsaí, arna n-ainmniú in euro agus arna n-eisiúint ag an Aontas, a eisiúint agus taiscí téacschomharthaithe a fhorbairt, rannchuideodh sin le ceannasacht airgeadaíochta an Aontais a neartú agus, ar an gcaoi sin, an spleáchas ar bhonneagair airgeadais lasmuigh den Aontais a laghdú agus athléimneacht agus ullmhacht chóras airgeadais agus íocaíochta an Aontais a fheabhsú.

(15) Tá an earnáil airgeadais athléimneach i gcónaí. Deearbhaíodh le torthaí chleachtadh tástála struis uile-Aontais 2025 an Údaráis Baincéireachta Eorpaigh go mbeidh na bainc Eorpacha fós láidir fiú i gcás mórshleabhcadh eacnamaíoch hipitéiseach. Mar sin féin, tá na rioscaí don chobhsaíocht airgeadais beagán ardaithe agus tá leochaileachtaí fós ann. Sa chéad leath de 2025, lean an earnáil baincéireachta sa limistéar euro de bheith ag feidhmiú go láidir, agus tacaíocht á fáil aici ó shuíomhanna láidre caipitil agus leachtachta, chomh maith le brabúsacht mharthanach, d'ainneoin dálaí domhanda agus intíre a bheith lagaithe agus na rátaí úis a bheith ag titim. Tá méadú suntasach tagtha ar luachálacha na mbanc ó lár 2024, agus níor tháinig meath go dtí seo ar cháilíocht na sócmhainní , agus tá na cóimheasa iasachta neamhthuillmhí cobhsaí ar an iomlán. Ag an am céanna, tá an timpeallacht idirnáisiúnta tar éis éirí níos luainí. Mar gheall ar éiginnteacht maidir le beartais dhomhanda agus dálaí airgeadais domhanda luaineacha, tá an baol ann go ndéanfar ceartuithe ar phraghsanna sócmhainní, agus go mbeidh brú athnuaite ar mhargaí leachtachta agus ar mhargaí fiachais cheannasaigh. Tá neamhchosaintí suntasacha ag bainc agus ag idirghabhálaithe airgeadais neamhbhainc (IANBanna) araon ar earnálacha atá íogair ó thaobh trádála de amhail cruach agus déanamh gluaisteán. I gcás nach ndéantar iad a mhaolú, is foinsí tábhachtacha as a n-éiríonn leochaileachtaí iad na neamhréireanna leachtachta agus an ardghiaráil i bpríomhearnálacha IANB. Leis an idirnascacht mhéadaitheach idir na bainc agus IANBanna, mar aon le naisc thábhachtacha IANBanna eile agus margaí taobh amuigh den Aontas, cuirtear leis an gcastacht agus leis na neamhchosaintí nach bhfuil infheicthe go leordhóthanach faoi láthair agus nach ndéantar faireachán leordhóthanach orthu. Tá rioscaí fós ann san earnáil réadmhaoine tráchtála, rud a éilíonn dlúthfhaireachán. Ní mór aird a thabhairt freisin ar a bhfuil ag tarlú sa mhargadh tithíochta, i bhfianaise na nasc atá acu le hiasachtú bainc agus le féichiúnas príobháideach, chomh maith le hinfheistíocht agus leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch ar bhonn níos ginearálta. I bhfianaise teannas geopholaitiúil ardaithe, tá méadú ag teacht ar an tábhacht a bhaineann le rioscaí cibearshlándála mar phríomhleochaileachtaí oibríochtúla, rud atá fíor i gcás na mbanc freisin. Tá rioscaí ann freisin don earnáil airgeadais a eascraíonn as neamhchosaintí a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol. Sa chomhthéacs sin, chun an chobhsaíocht airgeadais a chosaint, beidh gá le forairdeall leanúnach, maoirseacht réamhbhreathnaitheach agus athléimneacht neartaithe i ngach cuid den chóras airgeadais, lena n-áirítear trí líontáin sábhála iomchuí a úsáid.

MOLANN SÍ, LEIS SEO, go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro go cinntitheach, ina n-aonar agus i dteannta a chéile laistigh den Ghrúpa Euro, sa tréimhse 2026-2027 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(1) Chun an inbhuanaitheacht fhioscach a chosaint, na conairí glanchaiteachais arna moladh a urramú, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, an tsolúbthacht shealadach a dheonaítear tríd an gclásal éalaithe náisiúnta le haghaidh caiteachas cosanta. Ba cheart beartas fioscach atá difreáilte go hiomchuí a bheith mar thoradh air sin agus ba cheart staid fhioscach neodrach fhoriomlán a bheith mar thoradh air in 2026.

(2) Agus na conairí glanchaiteachais molta á n-urramú acu, straitéisí fioscacha meántéarmacha a chur chun feidhme a d'fhágfadh gur féidir an caiteachas is gá a bhaineann le cumais chosanta a dhéanamh, iomaíochas a neartú agus infheistíocht i dtosaíochtaí straitéiseacha a fheabhsú. Athbheartú tosaíochtaí na mbuiséad náisiúnta a chur chun feidhme sa mheántéarma agus bearta a dhéanamh chun éifeachtacht, éifeachtúlacht, cáilíocht agus comhdhéanamh an ioncaim agus an chaiteachais phoiblí a fheabhsú, lena n-áirítear trí phleanáil ionsaitheach cánach a chomhrac. Árachas príobháideach níos suntasaí a chur chun cinn ó thaobh caillteanas i dtaca le teagmhais a bhaineann leis an aeráid.

(3) Aghaidh a thabhairt ar scrogaill i dtionscail chosanta chun a áirithiú, i gcomhréir le Treochlár 2030 maidir le hUllmhacht Cosanta, go n-eascróidh cumais chosanta thráthúla éifeachtacha as caiteachas poiblí breise. Margadh uile-Aontais do threalamh cosanta a chur chun cinn; soláthar comhpháirteach a spreagadh a chuideoidh le héifeachtúlacht agus idir-inoibritheacht a fheabhsú agus an ilroinnt a laghdú.

(4) Cur chun feidhme na bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta náisiúnta a thabhairt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026 agus tacú le maoiniú infheistíochta sna blianta ina dhiaidh sin trí chistiú náisiúnta agus cistiú ón Aontas a chomhordú. a áirithiú go n-ionsúfar cistí an Aontais atá ar fáil, agus leas á bhaint as na deiseanna a tugadh isteach leis an athbhreithniú meántéarma ar an mbeartas comhtháthaithe.

(5) Uas-sciliú agus athsciliú an lucht saothair a chur chun cinn d'fhonn táirgiúlacht agus acmhainneacht nuálaíochta a mhéadú agus d'fhonn tacú le hearnálacha straitéiseacha. Beartais oideachais agus oiliúna a neartú chun torthaí oideachais a fheabhsú agus béim ar leith á leagan ar bhunscileanna agus ar scileanna digiteacha agus meaitseáil níos fearr a áirithiú idir éileamh agus soláthar próifílí scileanna. Aghaidh a thabhairt ar mhímheaitseáil scileanna agus ar éagothromaíochtaí móra réigiúnacha i scileanna agus i maoiniú caipitil dhaonna. Cáilíocht post a chur chun cinn agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a mhéadú a thuilleadh, lena n-áirítear grúpaí faoi ghannionadaíocht sa mhargadh saothair. Bearta a dhéanamh chun soghluaisteacht trasteorann sa Mhargadh Aonair a éascú agus imirce dhleathach bhainistithe náisiúnach tríú tír i ngairmeacha ina bhfuil ganntanas oibrithe a éascú. Dreasachtaí chun bheith ag obair a neartú tríd an ualach cánach a aistriú ón saothar, lena n-áirítear trí athchóirithe spriocdhírithe ar chórais chánach agus sochair. Gníomhú chun an bhochtaineacht a chomhrac agus a laghdú trí chórais leordhóthanacha agus inbhuanaithe cosanta sóisialta agus cuimsithe shóisialta a chosaint agus a neartú, chomh maith le rochtain ar thithíocht inacmhainne, inbhuanaithe agus ardcháilíochta. Rannpháirtíocht éifeachtach na gcomhpháirtithe sóisialta i gceapadh beartas a áirithiú agus an t-idirphlé sóisialta a neartú **[…]**.

(6) I gcomhréir le cleachtais náisiúnta, agus urraim á tabhairt do ról na gcomhpháirtithe sóisialta agus an idirphlé shóisialta[14], na dálaí a thacaíonn le fás inbhuanaithe pá a neartú, go háirithe d'oibrithe ar ioncam íseal agus ar mheánioncam, i gcomhréir le forbairtí táirgiúlachta, agus aird chuí á tabhairt ar rioscaí boilscithe agus éagsúlachtaí iomaíochais laistigh den limistéar euro.

(7) Tosaíocht a thabhairt d'infheistíocht phoiblí agus infheistíocht phríobháideach a dhreasú chun tacú le taighde agus nuálaíocht, dícharbónú tionsclaíoch, fuinneamh glan agus inacmhainne, an t-aistriú glas agus digiteach, an tslándáil eacnamaíoch, agus chun tacú le spleáchais straitéiseacha a laghdú ar fud slabhraí luacha. Leithdháileadh acmhainní ar earnálacha agus teicneolaíochtaí lena mbaineann acmhainneacht ard fáis a chur chun cinn, agus éiceachórais nuálaíochta a neartú, lena n-áirítear naisc a threisiú idir gníomhaithe éagsúla amhail gnólachtaí, ollscoileanna nó institiúidí taighde agus ról an chaipitil fiontair a fhorbairt maidir le gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá i mbun fáis a mhaoiniú agus dlús a chur le glacadh teicneolaíochtaí digiteacha agus glan-nialasacha agus ísealcharbóin. Feabhas a chur ar an rochtain ar chistiú iomchuí do ghnólachtaí, go háirithe FBManna nuálacha, lena n-áirítear trí chaipiteal fiontair.

---

14 Agus Pacáiste an Fhómhair 2026 á ullmhú acu, fuair an Coimisiún agus an Chomhairle ionchur ó Chónaidhm Eorpach na gCeardchumann agus ó chomhlachais fostóirí. Féach https://commission.europa.eu/publications/2026-european-semester-autumn-package_en.

(8) Deireadh a chur le bacainní inmheánacha agus éagothromaíochtaí rialála atá ann faoi láthair ar an leibhéal náisiúnta, chomh maith leis na heasnaimh trasuímh agus chomhréireachta atá fós ann, chun an Margadh Aonair a dhoimhniú agus feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus iomaíocht ghnólachtaí, chomh maith lena gcumas mórmhéadú agus leathnú a dhéanamh ar bhonn domhanda.

(9) Simpliú rialála a chur chun cinn trí ualaí nach bhfuil gá leo a shainaithint agus a laghdú agus trí rialáil thrédhearcach, chomhréireach agus spriocdhírithe a áirithiú, lena n-áirítear úsáid éifeachtach a bhaint as uirlisí a bhfuil fáil orthu ar nós comhairliúcháin leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara sa phróiseas reachtóireachta, chomh maith le meastóireachtaí *ex post* ar reachtaíocht.

(10) Aontas Coigiltis agus Infheistíochta Eorpach a fhorbairt, ag tógáil ar an Teachtaireacht ón gCoimisiún i mí an Mhárta 2025,[15] trí iarrachtaí comhpháirteacha a dhéanamh ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal na mBallstát, lena gcuirfear chun cinn earnálacha margadh caipitil agus baincéireachta atá iomaíoch agus dea-fheidhmiúil chun coigilteas Eorpach a shlógadh i dtreo infheistíochtaí fadtéarmacha go háirithe in earnálacha de gheilleagar an Aontais lena mbaineann acmhainneacht ard fáis nó tábhacht straitéiseach. Dul i ngleic le hilroinnt an mhargaidh chaipitil agus le bacainní ar sholáthar agus ar thomhaltas trasteorann seirbhísí airgeadais, agus le héagsúlacht i gcleachtais mhaoirseachta náisiúnta, trí dhul chun cinn tapa a dhéanamh maidir leis an bPacáiste um an gComhthathú Margaidh agus Maoirseachta. An tAontas Baincéireachta a chomhlánú trí leanúint den obair ar gach gné de atá fós gan réiteach, i gcomhréir leis an ráiteas ón nGrúpa Euro i mí an Mheithimh 2022. Iomaíochas na hearnála baincéireachta a neartú.

(11) Féachaint ar na roghanna atá ann chun Moltaí 2025 ón gCoimisiún a chur chun feidhme maidir le hinfhaighteacht cuntas coigiltis agus infheistíochta a mhéadú le cóireáil chánach shimplithe agus bhuntáisteach[16] (Meán Fómhair 2025) agus maidir le deaiseanna pinsean, córais rianaithe pinsean agus uathchlárú[17] (Samhain 2025), chomh maith leis na moltaí atá i dTeachtaireacht 2025 maidir le Straitéis um Litearthacht Airgeadais don Aontas[18] (Meán Fómhair 2025).

15 COM(2025) 124 final.
16 C(2025) 6800 final.
17 C(2025) 9300 final.
18 COM(2025) 681 final.

(12) Leanúint leis an obair ar an euro digiteach a chur chun cinn go tapa, nuálaíocht, iomaíocht agus athléimneacht a chothú i margadh na n-íocaíochtaí agus rochtain leathan agus inúsáidteacht leanúnach airgid an bhainc ceannais a áirithiú i ngeilleagar atá i mbun digitithe. Forbairt agus glacadh na réiteach íocaíochta príobháidí atá á bhforbairt san Eoraip agus ar a mbeidh teacht uile-Eorpach a spreagadh, lena gcuirfear a n-idir-inoibritheacht leis an euro digiteach chun cinn. Féachaint an bhféadfaí cripteamhonaí cobhsaí arna n-ainmniú in euro agus arna n-eisiúint ag an Aontas a eisiúint agus taiscí téacschomharthaithe a fhorbairt.

(13) Ról idirnáisiúnta an euro a chur chun cinn agus a bheith rannpháirteach chun a sheasamh domhanda a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear trí bhonneagair airgeadais agus íocaíochta na hEorpa a fheabhsú, lena bhfeabhsaítear a n-athléimneacht agus a n-ullmhacht.

(14) Faireachán a dhéanamh ar rioscaí don chobhsaíocht mhacra-airgeadais, lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as cáilíocht sócmhainní, dinimic athphraghsála, agus neamhchosaintí a bhaineann leis an aeráid agus leis an gcomhshaol agus idirnaisc idir na bainc agus na neamhbhainc i gcroí-mhargaí airgeadais agus as maoiniú príobháideach. I gcás inar gá, feabhas a chur ar an gcreat rialála agus maoirseachta don earnáil idirghabhála airgeadais neamhbhainc chun a áirithiú go ndéanfar leochaileachtaí atá ag teacht chun cinn a shainaithint agus a bhainistiú go héifeachtach.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*